# ELeathanach 471

Dé Máirt, an 4 Meitheamh 2024

## Comórtas Peile na Gaeltachta

Gach bliain ó 1969, bíonn comórtas speisialta ar siúl d'imreoirí peile, Comórtas Peile na Gaeltachta. Bíonn sé ar siúl thar an deireadh seachtaine saoire bainc i Mí an Mheithimh.

Is comórtas speisialta é seo. Bíonn deis ag clubanna ó na Gaeltachtaí ar fud na tíre teacht le chéile chun an pheil agus an Ghaeilge a cheiliúradh.

I mbliana, bhí an comórtas ar siúl i gCill na Martra, i gContae Chorcaí. Ghlac tríocha foireann páirt sa chomórtas.

I gcluichí ceannais na mban, bhí an bua ag Baile Chláir na Gaillimhe agus Clann na nGael.

I gcluichí ceannais na bhfear, bhuaigh Cill Chartha agus Naomh Muire, dhá fhoireann ó Dhún na nGall.


An bhliain seo chugainn, beidh an comórtas ar siúl i Ráth Chairn, i gContae na Mí.

## Manhattanhenge: luí gréine as an ngnáth i Nua-Eabhrac

Faoi dhó gach bliain, bíonn luí gréine as an ngnáth i Nua-Eabhrac. Bíonn an ghrian le feiceáil ag dul faoi, idir na foirgnimh mhóra ar shráideanna Manhattan.

Dé Máirt agus Dé Céadaoin seo caite bhí na foirgnimh mar fhráma ar an luí gréine agus bhí a lán daoine ar shráideanna Nua-Eabhrac ag glacadh grianghraif. Tarlóidh sé seo arís i mí Iúil.

Tá sráideanna Manhattan leagtha amach sa treo soir-siar, agus ar na laethanta seo amháin bíonn an ghrian i líne dhíreach leis na sráideanna agus í ag dul faoi.



## *Britain's Got Talent* (BGT) 2024



An tseachtain seo caite, bhí na babhtaí leathcheannais den chomórtas *BGT* ar siúl gach tráthnóna, agus bhí an babhta ceannais ar siúl Dé Domhnaigh.

Ghlac 11 duine nó grúpa páirt sa bhabhta ceannais Dé Domhnaigh. Bhí an lucht féachana buartha nuair a chonaic siad go raibh duine ón ngrúpa Ssaulabi Taekwondo Troupe gortaithe agus iad ar an ardán. Ghortaigh sé a chos agus bhí air dul go dtí an t-ospidéal.

Bhí an bua ag Sydnie Christmas, a chan an t-amhrán *Somewhere Over the Rainbow* sa bhabhta ceannais. Fuair sí £250,000 mar dhuais agus bhí áthas an domhain uirthi.